**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/2018(INI)**

25.9.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

maidir le cur chun feidhme an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh reatha 2021-2027
(2023/2018(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Beata Kempa

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go gcuireann an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil, an snáithe daonnúil den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach (ESC), deiseanna ar fáil do dhaoine óga scileanna a fháil agus a fhorbairt agus nuálaíocht, athléimneacht, dlúthpháirtíocht agus slite beatha á gcothú i sochaithe éagsúla ar fud an domhain; de bhrí go bhfuil an daonnúlachas atá bunaithe ar phrionsabail mar bhonn taca leis an tsaorálaíocht dhaonnúil;

B. de bhrí go bhfuil cur chun feidhme shnáithe daonnúil ESC fós ag céim luath, agus go bhfuiltear ag súil leis na chéad imscarthaí i Meitheamh 2023, rud a fhágann nach féidir é a mheasúnú ach go páirteach;

1. Ag cur béim ar a thábhachtaí atá an tsaorálaíocht in oibríochtaí cabhrach daonnúla chun luachanna Eorpacha a chur chun cinn, maille le bunphrionsabail dhaonnúla na daonnachta, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais, cur chuige ‘gan dochar a dhéanamh’ agus bunaithe ar an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, a sholáthraíonn creat fhreagairtí AE ar ghéarchéimeanna daonnúla; á mheabhrú mar a shainítear sa Mhargadh Mór, nach mór do chláir saorálaíochta AE i gcomhthéacsanna daonnúla oibriú i gcomhréir leis an gclár oibre logánaithe;

2. Á chur in iúl gur geal léi na feabhsuithe i gcomparáid leis an tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, go háirithe ó thaobh tuairisciú simplithe airgeadais agus fad na dtionscadal atá ar fáil;

3. Á chur in iúl gur geal léi an líon ard daoine óga a bhfuil suim acu i snáithe na cabhrach daonnúla, agus go bhfuarthas os cionn 42 000 léiriú spéise faoi Bhealtaine 2023; ag tacú leis na hiarrachtaí chun rannpháirtíocht a mhéadú, chomh héifeachtach agus is féidir, i measc daoine óga leochaileacha, agus aird ar leith á tabhairt ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí, lena n-áirítear na daoine sin atá faoi mhíchumas agus a bhfuil níos lú deiseanna acu; á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht nithiúil chun a áirithiú go n-áireofar na daoine óga sin go ciallmhar, go háirithe trí chúrsaí oiliúna agus teanga, árachas, tacaíocht riaracháin agus iarghníomhaíochta a thairiscint do rannpháirtithe, chomh maith le bailíochtú an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí a fhaightear trína dtaithí ar an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin a thábhachtaí atá feachtais chumarsáide spriocdhírithe chun go mbeadh breis feasachta ann agus chun cláir oiliúna éigeantaigh a dhearadh go hiomchuí, lena n-áirítear fothú acmhainneachta, chun a dtionchar agus na socrúcháin dá éis sin a atreisiú, chun a áirithiú go mbeidh an dá cheann ar fáil do gach saoránach; á chur i bhfios go láidir gur gá tacú le líonrú a éascú idir eagraíochtaí a oibríonn le daoine óga leochaileacha agus eagraíochtaí rannpháirteacha faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach, chomh maith le haistriú oibrithe deonacha isteach sa mhargadh saothair; ag cur béim ar an bhfíoras, sa chomhthéacs seo, gur gá acmhainní a mhéadú le haghaidh tacaíocht fhadtéarmach agus fothú acmhainneachta agus oibrithe deonacha leochaileacha á bhfostú;

4. Ag tabhairt dá haire go dtagraíonn an tuarascáil bhliantúil dheireanach ó ESC atá ar fáil

go poiblí don tréimhse 2018-2019; á mheabhrú a thábhachtaí atá bailiú agus tuairisciú sonraí chun tionchar an chláir a mheasúnú agus a chur in iúl; ag spreagadh an Choimisiúin chun tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú don chlár reatha, lena n-áirítear sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne ar rannpháirtithe agus ar na cineálacha eagraíochtaí a phléann leis an gclár, ach gan a bheith teoranta dóibh, d'fhonn a uileghabhálacht a mheasúnú ina theannta sin;

5. Á iarraidh ar an gCoimisiún a thábhachtaí atá oiliúint, slándáil agus cosaint dhóthanach saorálaithe a choimeád, ar cheart a bheith faoi réir comhroinnt rialta faisnéise agus measúnú riosca, go háirithe i réimsí a mheastar a bheith guagach;

6. Á chur in iúl gur cúis bhuartha di an nós imeachta fadálach roghnúcháin do shaorálaithe, go háirithe maidir le hamanna feithimh le haghaidh oiliúint éigeantach i bpearsa, agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh sé go dtarraingeodh iarrthóirí siar agus go gcaillfidís a gcuid spéise ann; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh saorálaithe ábalta a n-oiliúint éigeantach a chríochnú ag tús a n-imscartha ionas gur féidir leo dul i mbun oibre níos tapúla; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach mór an nós imeachta roghnúcháin a dhéanamh agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go ndéanfar saorálaithe a roghnú, a oiliúint agus a imscaradh go héifeachtúil chun freagairt níos tapúla do riachtanais áitiúla agus chun an tacaíocht d'eagraíochtaí áitiúla a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá ag oibríochtaí daonnúla le céim dhóthanach foghlama agus oiliúna atá in oiriúint don suíomh áitiúil, nach mór a bheith i gcomhréir le prionsabail na cabhrach daonnúla agus atá nasctha le tionscadail ina mbeidh saorálaithe páirteach chun leasa na saorálaithe agus na n-ósteagraíochtaí araon; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, ar luach na foirne áitiúla agus na saorálaithe chun leanúnachas na hoibre sna heagraíochtaí a chinntiú; á áitiú nár cheart do shaorálaithe daonnúla teacht in ionad obair na foirne náisiúnta in ósteagraíochtaí ná í a dhúbláil ná róil a dhéanamh a d'fhéadfadh saorálaithe áitiúla a líonadh, ach obair na foirne náisiúnta agus na saorálaithe áitiúla a neartú ina ionad sin;

7. Aithníonn sí gur gá na heagraíochtaí a ghlacann páirt sa chlár a sheiceáil go cúramach agus go cuí, chun sábháilteacht na rannpháirtithe agus oiliúint scileanna ar ardchaighdeán araon a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún ligint d'eagraíochtaí a raibh deimhniú lipéid acu faoin tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE, agus eagraíochtaí a shínigh creat-chomhaontú comhpháirtíochta (CCC) idir ENRanna agus Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Oibríochtaí Eorpacha um Chosaint Shibhialta agus um Chabhair Dhaonnúil leas a bhaint as nós imeachta simplithe chun an Lipéad Cáilíochta a cheanglaítear leis an gclár nua a fháil; ag tabhairt dá haire castacht an phróisis iarratais ar Lipéad Cáilíochta, go háirithe don tsraith dhaonnúil agus d'eagraíochtaí nach bhfuil eolach ar chláir chistiúcháin AE; á chur i bhfios go láidir gur gá na nósanna imeachta riaracháin a éascú, go háirithe d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí nár dhéileáil le cláir Eorpacha go fóill; á iarraidh ar an gCoimisiún breis treorach mionsonraithe agus cúnaimh theicniúil a eisiúint d'iarratasóirí, chun nach ndíspreagfar eagraíochtaí ó phlé leis an gclár;

8. Ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór na n-iarratasóirí idir 19 agus 23 bliana d'aois; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart an teorainn aoise a bhaint chun ligean d'iarrthóirí a bhfuil breis taithí acu agus a bhfuil scileanna agus taithí cruthaithe acu i

réimse na cabhrach daonnúla a bheith rannpháirteach gan difear suntasach a dhéanamh do rannpháirtíocht na hóige in oibríochtaí daonnúla; áitíonn sí gur cheart go mbeadh an tionscnamh ar fáil d'aon saoránach AE nó d'aon chónaitheoir fadtéarmach atá 18 mbliana d'aois nó níos sine; á iarraidh an gCoimisiún athmheastóireacht ar an teorainn aoise a dhéanamh ina leith sin le linn na meastóireachta eatramhaí ar an gclár;

9. Ag tabhairt dá haire go bhfuil thart ar dhá thrian de na tionscadail a roghnaíodh do 2023 dírithe ar an bhforbairt; á iarraidh go mbeadh cur chuige daonnúil níos cothroime ann maidir le roghnúcháin amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún smaoineamh an bhféadfaí an rialachán a athbhreithniú chun saorálaíocht a cheadú i limistéir shábháilte tíortha ina bhfuil coinbhleacht, faoi réir prótacail shoiléire sláindála agus sábháilteachta, oiliúint iomchuí, seiceálacha cúlra nó bearta eile d'fhonn sábháilteacht saorálaithe a áirithiú agus faoi réir dualgas cúraim i leith na saorálaithe a chomhlíonadh le linn gach céime den ghníomhaíocht dheonach. á áitiú go mbeidh imscaradh saorálaithe dírithe ar shocruithe ullmhachta réamhthubaiste agus ar shocruithe téarnaimh iarthubaiste, i gcás ina bhfuil na dálaí níos fabhraí le haghaidh rochtana agus tionchair gan an baol ann go ndéanfar difear diúltach don tacaíocht a chuireann foireann dhaonnúil rialta ar fáil do na pobail i gceist.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 17<br>–: 2<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Christophe Clergeau, Ryszard Czarnecki, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Frances Fitzgerald, Marlene Mortler, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Róża Thun und Hohenstein |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 17 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki |
| PPE | Hildegard Bentele, Frances Fitzgerald, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Janina Ochojska |
| Renew | Stéphane Bijoux, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Bernhard Zimniok |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh